# Foirm um Dheireadh do Bhliana Airgeadais a Athrú – Treoir Úsáideora

# User Guide – Change Financial Year End Form

## Gaeilge

## English

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

[Gaeilge]

# User Guide – Change Financial Year End Form

Use this form to change the financial year end date of your charity.

Any overdue annual reports must be submitted before you complete this form.

## Your financial year end and your annual reporting deadline

Your annual report to the Charities Regulator is for the period covered by your financial year and the deadline for filing (submitting) the annual report is calculated by adding 10 months to the date of the financial year end.

Examples of financial years and filing deadlines:
Financial year 1 January to 31 December 2018 - filing deadline 31 October 2019
Financial year 1 March 2018 to 28 February 2019 - filing deadline 31 December 2019
Financial year 1 June 2018 to 31 May 2019 - filing deadline 30 March 2020

## The impact of changing your financial year end on annual reporting

When you change your financial year end it may affect your next annual report to the Charities Regulator as there must be continuous annual reporting i.e. there can be no gaps. To avoid gaps, once you change your financial year end, your next annual report can be either for a shorter or a longer financial year to ensure continuous reporting.

The maximum length for a financial year for reporting purposes is 18 months.

Example:

- A charity files its annual report for the period 01 July 2017 to 30 June 2018

- It changes its financial year end date from 30 June to 31 December meaning it will have a financial year running the same as the calendar year, commencing 01 January 2019
- It still has to account for the period 01 July 2018 to 31 December 2018, so it must either:
  - file a shorter annual report (6 months) for the period 01 July 2018 to 31 December 2018, or
  - file a longer annual report (18 months) for the period 01 July 2018 to 31 December 2019
- All subsequent annual reports for the charity will be for a normal 12 month period

Please note: If your charity is company you must also ensure to comply with any requirements of the Companies Act 2014.

## How to complete the change in financial year end date form

The current year end date for the charity will be displayed at the top of the form.

Enter the new financial year end by either typing in the day and month in the format dd/mm in the box, or by clicking on the calendar icon and selecting the relevant date.

Enter the effective date – i.e. the date, including the year, that the change takes/took effect.

Please ensure that the date you enter is the date of your financial year end and not the reporting deadline. (The reporting deadline will be updated based on the financial year end date entered.)

You can then enter a reason for the change of date if you wish. It would also be helpful if you could indicate whether your next annual report will be shorter or longer than the normal 12 months.

## Declaration

This section provides a review of the information entered and asks you to complete a declaration.

Then click on 

to submit the change to the Charities Regulator.

You will be notified when the change has been processed.

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

[English](#)

# Foirm um Dheireadh do Bhliana Airgeadais a Athrú – Treoir Úsáideora

Bain úsáid as an bhfoirm seo chun an dáta a chríochnaíonn bliain airgeadais do charthanais a athrú.

Ní mór aon tuarascálacha bliantúla atá dlite thar téarma a chur isteach sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.

## Deireadh do bhliana airgeadais agus do spriocdháta le haghaidh tuairisciú bliantúil

Baineann an tuarascáil bhliantúil uait chuig an Rialálaí Carthanas leis an tréimhse atá i gceist le do bhliain airgeadais. Déantar an spriocdháta le haghaidh comhdú (tuarascáil a chur isteach) a ríomh ach tréimhse 10 mí a chur leis an dáta a chríochnaíonn an bhliain airgeadais.

Samplaí de bhlianta airgeadais agus de spriocdhátaí le haghaidh comhdú:
Bliain airgeadais: an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018 - spriocdháta le haghaidh comhdú: an 31 Deireadh Fómhair 2019
Bliain airgeadais: an 1 Márta 2018 go dtí an 28 Feabhra 2019 - spriocdháta le haghaidh comhdú: an 31 Nollaig 2019
Bliain airgeadais: an 1 Meitheamh 2018 go dtí an 31 Bealtaine 2019 - spriocdháta le haghaidh comhdú: an 30 Márta 2020

## An difear a dhéanfaidh aon athrú ar dháta deiridh do bhliana airgeadais do thuairisciú bliantúil

Má athraíonn tú dáta deiridh do bhliana airgeadais, beidh seans ann go ndéanfar difear don chéad tuarascáil bhliantúil eile uait chuig an Rialálaí Carthanas toisc nach mór tuairisciú bliantúil leanúnach a bheith ann, i.e. ní fhéadfar aon bhearnaí a fhágáil sa tuairisciú.  Chun bearnaí a sheachaint, is

amhlaidh, nuair a athraíonn tú dáta deiridh do bhliana airgeadais, go bhféadfar tréimhse airgeadais níos giorra nó níos faide a chumhdach sa chéad tuarascáil bhliantúil eile uait ar mhaithe le tuairisciú leanúnach a chinntiú.

Is é 18 mí an fad uasta a mhairfidh bliain airgeadais chun críocha tuairiscithe.

Sampla:

- Comhdaíonn carthanas an tuarascáil bhliantúil uaidh don tréimhse ón 01 Iúil 2017 go dtí an 30 Meitheamh 2018
- Athraíonn sé dáta deiridh a bhliana airgeadais ón 30 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig, rud a fhágann go mbeidh a bhliain airgeadais ag teacht leis an mbliain féilire, agus í ag tosú an 01 Eanáir 2019
- Ní mór don charthanas cuntas a thabhairt ar an tréimhse ón 01 Iúil 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 go fóill. Mar sin, ní mór dó:
    - tuarascáil bhliantúil níos giorra (6 mhí) a chomhdú don tréimhse ón 01 Iúil 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018, nó
    - tuarascáil bhliantúil níos faide (18 mí) a chomhdú don tréimhse ón 01 Iúil 2018 go dtí an 31 Nollaig 2019
- Is leis an ngnáth-thréimhse 12 mhí a bhainfidh gach tuarascáil bhliantúil ina dhiaidh sin ón gcarthanas

Tabhair faoi deara: Más cuideachta é do charthanas, ní mór duit a chinntiú freisin go gcomhlíonann tú aon cheanglais a leagtar síos le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

## Conas an fhoirm um dháta deiridh do bhliana airgeadais a athrú a chomhlánú

Beidh dáta deiridh reatha na bliana airgeadais ar taispeáint ag barr na foirme.

Iontráil dáta deiridh nua na bliana airgeadais tríd an lá agus an mhí a chlóscríobh i bhformáid ll/mm isteach sa bhosca nó trí chliceáil ar an deilbhín féilire agus tríd an dáta ábhartha a roghnú ansin.

Iontráil an dáta a bhfuil éifeacht leis – i.e. an dáta a tháinig/a thiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm. Luaigh an bhliain freisin.

Déan cinnte de go n-iontrálfaidh tú an dáta a chríochnaíonn do bhliain airgeadais, seachas an spriocdháta le haghaidh tuairisciú. (Nuashonrófar an spriocdháta le haghaidh tuairisciú bunaithe ar an dáta a iontrálfar.)

Is féidir leat cúis leis an athrú dáta a iontráil ansin, más mian leat.  Ba mhór an cuidiú é freisin dá sonrófá cé acu a bheadh tréimhse na chéad tuarascála bliantúla eile uait níos giorra nó níos faide ná an ghnáth-thréimhse 12 mhí.

## Dearbhú

Sa rannán seo, tugtar forbhreathnú ar an bhfaisnéis a iontráladh agus iarrtar ort dearbhú a chomhlánú.

Cliceáil ar 

ansin chun an t-athrú a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas.

Gheobhaidh tú fógra nuair a bheidh an t-athrú próiseáilte.